Údarás na Gaeltachta

Oifigeach Feidhmiúcháin - Rannóg Airgeadais

Conradh

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh Oifigeach Feidhmiúcháin, post ar chonradh, a bheidh ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann dhíograiseach sa Rannóg Airgeadais. Táthar ag lorg duine cumasach agus tiomanta.

Dualgais

- Sonraisc/éilimh íocaíochta agus nótaí creidmheasa a phróiseáil go tráthúil.
- Ráitis mhíosúla a eisiúint agus a réiteach.
- Bainistiú a dhéanamh ar íocaíochtaí le déanamh agus ar íocaíochtaí le bailiú.
- Tuairiscí de réir téarma a sholáthar ar bhonn míosúil.
- Cumarsáid le soláthraithe agus le cliaint chomh maith le feidhmeannaigh an Údaráis atá ag plé leo.
- Tuarascálacha eile a sholáthar don bhainistíocht de réir mar is gá.
- Cabhrú le faisnéis a bhailiú le haghaidh fiosrúcháin iniúchta.

Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:

- Cáilíochtaí cuí 3ú leibhéal ag iarratasóirí agus taithí ábhartha no eolas maith a bheith acu ag plé le sonraisc / éilimh a phróiseáil agus a íoc nó sonraisc a eisiúint agus bailiú íocaíochtaí a bhainistiú.
- Scileanna eagrúcháin láidre chomh maith le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas,
- Scileanna réiteach fadhbanna mar aon le leibhéal ard scileanna uimhearthachta agus anailíse,
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta ar nós MS Word, Excel, Teams, Outlook. Eolas faoi One Drive agus Sharepoint ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach,
- Scileanna ceannaireachta den scoth agus an cumas chun foireann a spreagadh, a threorú agus a bhainistiú,
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh é seo. Tá scála tuarastail ag grád Oifigeach Feidhmiúcháin idir €36,544 - €59,422 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. 21 Feabhra 2025**

Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.